Níl sna gnéithe éagsúla sin ach cuid de thionscadal foriomlán a bhfuil tábhacht agus práinn náisiúnta ag baint leis. Ní foláir do Thithe an Oireachtais gníomhú chun muinín na saoránach a thoghann a gcuid Comhaltaí, agus a bhfónann siad dóibh, a ghnóthú agus a choinneáil.

Chuirge sin, beidh athrú meoin suntasach de dhíth ar na daoine sin ar féidir leo rannchuidiú chun an straitéis seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

CAIBIDIL 1: CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE

De réir mar a bheimid ag imeacht ó chur chun cinn an Oireachtais ar shlí thanaí, is é an cuspóir nua ardleibhéil a bheidh leis an straitéis ná an chumarsáid a úsáid ar bhealach níos bunúsaí chun muinín as na Tithe agus a gComhaltaí a mhéadú.

As seo go ceann 3 bliana, beidh na haidhmeanna seo a leanas leis an straitéis seo:

- déanfar feidhmeanna na dTithe agus feidhm agus freagrachtaí na gComhaltaí a chur in iúl i dteanga shoiléir shothuigthe;
- beidh deiseanna ag gach duine den phobal dul i mbun pléití le Tithe an Oireachtais;
- maidir le tuairiscí sna meáin a bhíonn éagothrom nó easpach ó thaobh faisnéise de, tabharfar a ndúshlán go láidir;
- cuirfear faisnéis ar fáil ar bhealach oscailte, trédhearcach;
- beidh an taithí a gheobhaidh an pobal ar Theach Laighean trí thurais threoraithe spreagúil agus spriocdhírthe;
- beidh cumarsáid leanúnach sa dá threo idir an pobal agus na Comhaltaí trí na meáin shóisialta agus teagmhais phoiblí.



An Cur Chuige Againn

Is iad na meáin chlóite agus chraolta atá ann le fada an lá an bealach bunúsach ar a ndéanaimid cumarsáid leis an bpobal. Dúshlán leanúnach don phlean cumarsáide againn is ea an tuairimíocht agus an nuacht roghnach a bhíonn bunaithe de ghnáth ar dhearcadh seasta agus réasúnta soiniciúil ar an institiúid agus a Comhaltaí.

Tá tábhacht thar na bearta ag baint le cumarsáid nua dhíreach, áfach, má táthar chun torthaí úra feabhsaithe a bhaint amach. Is bealach fadtéarmach tábhachtach é – chun dul i ngleic leis an ísle brí, an easpa muiníne agus an easpa tuisceana – deiseanna a chruthú trí na meáin nua (na meáin shóisialta, ar-líne, srl.) le haghaidh comhphléití níos fearr idir an pobal, Tithe an Oireachtais agus a Comhaltaí.

Moltar sa phlean seo go gcothófaí caidreamh níos fearr agus níos láidre leis na meáin sheanbhunaithe, chomh maith le modhanna nua tábhachtacha chun an bhearna a dhúnadh idir Tithe an Oireachtais agus an pobal. Ní mór dúinn foghlaim conas na meáin a mheas mar dheis agus mar theachtaire, seachas mar bhagairt.

(a) Urlabhraithe

Teastaíonn urlabhraithe uainn a bhfuil scéal neamhchlaonta le hinsint acu faoi fheidhm agus luach an Oireachtais. Ní mór do na hurlabhraithe sin a bheith gníomhach sna meáin chlóite agus chraolta araon, idir áitiúil agus náisiúnta, ar bhonn seachtainiúil nó ar bhonn laethúil, fiú amháin.

Ba cheart trí ról urlabhraí a bheith ann:

- An Ceann Comhairle, a léiríonn feidhm oifigiúil agus searmanach Thithe an Oireachtais;
- Coiste beag traspháirtí de Chomhaltaí a labhraíonn thar ceann na gComhaltaí uile agus thar ceann na hinstitiúide de réir mar a theastóidh;
- An Ceannasaí Cumarsáide a labhrann thar ceann na hinstitiúide.

Is é an ról a bheidh ag an gcoiste cumarsáide traspháirtí ionchur agus treoir ó na Comhaltaí a chinntiú maidir leis an straitéis fhoriomlán a chur chun feidhme.

Tacófar le Comhaltaí a labhróidh thar ceann an Oireachtais chun measúnú fíorúil, saineolach a dhéanamh ar ár bparlaimint. Beidh an tAonad Cumarsáide ar fáil agus tá na háiseanna cuí aige chun tacú le hiarrachtaí aon Chomhalta míniú a thabhairt ar ról na gComhaltaí agus ar an Institiúid Pharlaiminteach trí theachtaireacht dhearfach arna bunú ar fhíricí tathagacha agus ar shaineolas ó thaobh mionsonraí comhthéacsúla de.

(b) Ár dTeachtaireacht

Dúshlán eile atá le tabhairt ag an eagraíocht is ea an easpa comhleanúnachais idir na teachtaireachtaí a chuirimid in iúl. Ar an gcuid is bunúsaí de, ba cheart go mbeadh ar chumas Comhaltaí tacar teachtaireachtaí simplí, soiléire a chomhaontú:

Comhaltaí den Oireachtas

- Toghann an pobal iad chun post tábhachtach a dhéanamh
- Oibríonn siad go han-dian
- Tugtar tuarastal maith dóibh ach tugann siad luach ar airgead
- Oibríonn siad go hoscailte, go hinrochtana agus go trédhearcach.

An Institiúid

- Fónann sí don phobal agus baineann sí le hábhar ó thaobh na sochaí de
- Tá na hacmhainní aici chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn
- Is parlaimint éifeachtach éifeachtúil í
- Tá sí oscailte agus inrochtana.

An Pobal

- Ba cheart faisnéis shoiléir inrochtana ábhartha a thabhairt dóibh maidir leis an Oireachtas
- Ba cheart gach deis a thabhairt dóibh dul i dteagmháil le Tithe an Oireachtais.

(c) Comhaltaí a Fhaisnéisiú

Tabharfar tacaíocht do Chomhaltaí a bheidh ag labhairt thar ceann an Oireachtais agus ról an Oireachtais agus a Chomhaltaí á míniú acu. Ní mór é a bheith ar acmhainn an Aonaid Cumarsáide tacú le Comhaltaí ina n-iarrachtaí ceisteanna a fhreagair maidir lena ról agus maidir le hábharthacht an ról sin don phobal. Iarrtar ar Chomhaltaí leas a bhaint as seirbhís faisnéisithe an Aonaid Cumarsáide chun cuidiú leo agus iad ag labhairt leis na meáin chlóite agus chraolta, idir náisiúnta agus áitiúil.

Soláthróidh gach rannán den Oifig an fhaisnéis shainiúil is gá a lorgóidh an tAonad Cumarsáide chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís faisnéisithe atá saineolach fórasach ar fáil do Chomhaltaí go pras.

(d) Freagairtí Réamhghníomhacha ar Thuairiscíú Míchruinn / Éagothrom

Is gnáthchuid den taithí atá ag Tithe an Oireachtais tuairiscíú a fheiceáil sna meáin atá míchruinn éagothrom agus mífhaisnéiseach. Tabharfaidh an tAonad Cumarsáide dúshlán aon tuairiscithe den chineál sin agus cinnfidh sé an cineál freagra a thabharfar (e.g. glao ar an tseirbhís atá i gceist, ráiteas, agallamh craolta etc). Spreagfar comhaltaí chun aird fhoireann an Aonaid Cumarsáide a dhíriú ar aon tuairiscíú den chineál sin, sna meáin áitiúla / réigiúnacha go háirithe.

(e) Tuairiscíú ar Ghnó na dTithe agus na gCoistí

Ba thosaíocht é sa chéad Straitéis Chumarsáide de chuid Thithe an Oireachtais caidreamh níos fearr leis na meáin a bhaint amach do Choistí an Oireachtais. Tharla feabhas nach beag sa réimse seo agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó Chathaoirligh na gCoistí, ó Chomhaltaí agus ó na meáin.

Is í an chéad chéim eile an tseirbhís seo a leathnú do ghnó an dá Theach in éineacht chun cur chuige spriodhírthe a bhaint amach i ndáil leis na sainmheáin agus na meáin earnálacha maidir leis na Coistí.

Ullmhófar straitéisí meáin le haghaidh na gCoistí chun béim a leagan ar chomhthéacs na meán áitiúil agus

réigiúnda a ghabhann le gnó na gCoistí. Cuirfidh sé sin leis an ábharthacht do na meáin áitiúla agus is cuidiú é chun an ghné sin d'obair pharlaiminteach na gComhaltaí a mhíniú do na daoine sna toghlaigh.

Tabharfar aghaidh ar an gcaoi a léiríonn na meáin taisteal na gCoistí. Iarrfar ar na meáin iomchuí taisteal in éineacht le toscaireachtaí chun tuairiscíú eolach cothrom a spreagadh ar an gcaoi a gcuidíonn dearcadh agus taithí idirnáisiúnta le feidhmíocht an chórais pharlaimintigh.

(f) Na Meáin Áitiúla

Sa lá atá inniu ann, craolann stáisiúin raidió áitiúla agus réigiúnda ó shaoráid chraolacháin Thithe an Oireachtais ar bhonn rialta. Bíonn clár chúrsaí reatha ar siúl go rialta ag na buaic-amanna timpeall na tíre a chraolann gnéithe rialta ina dtaspeántar go mbaineann obair pharlaiminteach na gComhaltaí leis an lucht éisteachta áitiúil.

Tá sé beartaithe go mbeidh tuairisc raidió seachtainiúil ann, ar a dtabharfar 'This Week in the Oireachtas' agus lena leagfar béim ar obair na gComhaltaí áitiúla i dTithe an Oireachtais. Cuirfear tuairisc fuaime thairfeadta ar fáil do stáisiúin raidió áitiúla rannpháirteacha i ndeireadh an ghnó gach Déardaoin chun go gcaolfar í ar an Aoine.

Tá sé beartaithe freisin leanúint leis an tseirbhís sheachtainiúil do nuachtáin áitiúla a bunaíodh mar chuid de Straitéis Chumarsáide Thithe an Oireachtais 2007-2009. Déantar 400 alt in aghaidh na bliana a choimisiúnú i nuachtáin trasna na tíre i gcónaí. Neamhchlaonta agus éasca le léamh, le tionscnamh áitiúil seachtainiúil na nuachtán mínítear an tábhacht áitiúil a bhaineann go díreach le hobair pharlaiminteach na gComhaltaí.

(g) Rochtain/ Creidiúnú na Meán

Is bunriachtanas é rochtain na meán cumarsáide ar Thithe an Oireachtais má tá clár cumarsáide chun feidhmiú. In éineacht le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fhreastal agus ar thuairiscíú na meán ar aonaid shonraithe de Thithe an Oireachtais, ar nós obair

na gComhchoistí, tá gá le córas rochtana a bheadh tapaidh agus éifeachtach. Is é an sprioc atá ann rochtain éasca a sholáthar do na meáin, ag féachaint go cuí do riachtanais shlándála na dTithe, mar is é leas an phobail é go dtuairisceofaí gach gné d’obair an Oireachtais.

(h) Prótacail na Meán

Is láthair oibre é Teach Laighean. Déanta na fírinne, is láthair oibre é a mbaineann tábhacht mhór poiblí léi. Sa chomhthéacs sin, ní mór a chinntiú le prótacal na meán do Theach Laighean gur féidir leis an Oireachtas tabhairt faoina chuid oibre gan chur isteach, agus ag an am céanna go dtugtar faoin leas coiteann chun a chinntiú gur féidir leis an bpobal obair an Oireachtais – an pharlaimint s’againne – a fheiceáil agus a thuiscint.

Is iad na meáin chumarsáide go príomha a chuireann an pobal ar an eolas faoi Thithe an Oireachtais. Ní mór dúinn dul i ngleic leis na meáin sin ar chaoi go mbeidh siad in ann tuairisciú cruinn a dhéanamh ar imeachtaí Theach Laighean agus a chothrom a thabhairt dó mar láthair oibre.

Déanann an tOireachtas tiomantas agus infheistíocht nach beag chun a chinntiú go mbíonn rochtain leathan ag na meáin ar Theach Laighean. Is tiomantas coitianta é sin i dtíortha daonlathacha timpeall an domhain. Baineann ciall straitéiseach leis an infheistíocht sin, mar is ar an gcaoi sin a chuirtear an pobal ar an eolas.

Is féidir éiteas oscailte gníomhach a chur i gcrích mar chuid de bheartas comhtháite caidrimh leis na meáin. Le linn dúinn é sin a dhéanamh, is féidir linn an scéal a chur amach gur parlaimint náisiúnta éifeachtach oscailte é an tOireachtas, d’ainneoin an tuairisciú míthreorach a fhaightear in amanna.

Ba chóir gach teagmháil leis na meáin – bíodh sin ar láthair Theach Laighean, ar-líne nó i dteagmháil lenár seirbhís chumarsáide ó lá go lá – a dhéanamh ar

bhealach a chuireann leis an mbeartas meáin nua-aimseartha oscailte a mholtar anseo.

Sa chomhthéacs sin, moltar athbhreithniú a dhéanamh ar phrótacal reatha Theach Laighean maidir leis na meáin agus, más cuí, é a choigeartú chun go mbéarfadh Tithe an Oireachtais ar gach deis teagmhála leis an bpobal. Ba cheart go léireodh beartas agus prótacal Theach Laighean maidir leis na meáin riachtanas poiblíochta na gComhaltáí ó lá go lá ar bhealach a chinnteoidh go bhfaighidh siad an rochtain chuí is fearr ar na meáin, ach a chinntiú i gcónaí nach gcuirtear isteach ar shlí ar bith ar obair an Oireachtais.

Beidh athbhreithniú ar phrótacail agus treoirlínte maidir leis na meáin faoi réir thuairimí agus cheadú na gCoistí um Nósanna Imeachta agus Pribhléidí faoi seach.

(i) Ionad na Meán

Tá saoráid thiomnaithe do na meáin ag mórán gach parlaimint nua-aimseartha ar domhan agus is ansin a cheiliúrtar mórócáidí na meán (mar shampla: seoladh tuarascálacha, preasagallaimh, srl.) chomh maith le limistéir thiomnaithe le haghaidh agallamh agus craolacháin. Dá mbunófaí ionad craolacháin ar láthair Theach Laighean agus seomra den chineál sin a bheith ann le haghaidh preasagallaimh, i dteannta bothán agallamh in aice láimhe agus láthair agallamh faoi dhíon i gcomhair cainte os comhair ceamara, thabharfaí Tithe an Oireachtais cothrom le caighdeán idirnáisiúnta. Ba chuidiú é sin freisin chun ‘branda’ nó céannacht an Oireachtais a chruthú as íomhá an fhoirgnimh oibre agus trí áit bhrandáilte, faoi dhíon, a thaispeáint ar chlár nuachta teilifíse, seachas mar a dhéantar faoi láthair mar is gá do pholaitoírí agus do thuairisceoirí ar chúrsaí polaitíochta seasamh ar shráideanna na cathrach má tá siad chun a bheith ar an teilifís.

Is láthair oibre bhroidiúil thábhachtach iad Tithe an Oireachtais, agus chuideodh saoráid faoi dhíon den sórt sin chun iad a thaispeáint amhlaidh.

CAIBIDIL 3: FAISNÉIS

(a) Teanga

Ba chóir go gcuideodh an saghas teanga a úsáidtear sna Tithe le tuiscint an phobail ar a ngnó, seachas a mhalairt. Is é an taithí atá againn gur minic go gcuirtear mearbhall ar an bpobal leis an mbéarlagair chasta a úsáidimid gach lá chun ár gcuid oibre a mhíniú. Ba chóir go dtiocfadh beartas teanga as Iniúchadh Teanga Soiléire ar ár gcuid bróisiúr agus ar ár n-ábhar clóite go léir, rud a chabhródh leis na saoránaigh ár dteachtaireacht a thuiscint.

(b) Oscailteacht agus Trédhearcacht

Baineann cuid mhaith den chaint dhiúltach agus den mhíthuiscint maidir le Tithe an Oireachtais agus a gcuid Comhaltaí le hábhair seachas nós imeachta (.i. tuarastal agus costais, caiteachas a bhaineann leis an toghlach, taisteal parlaiminteach, áiseanna lena n-áirítear an seomra aclaíochta, an naíolann, na bialanna agus an beár). Ba chóir go mbeadh fáil éasca ar an bhfaisnéis i ndáil leis na saincheisteanna go léir is gá chun gur láthair oibre éifeachtach é an tOireachtas. Soláthrófar an fhaisnéis go comhthéacsúil agus míneofar i dteanga shimplí í. Cinnteoidh sé sin an leibhéal oscailteachta is gá agus cuirfidh sé deireadh leis an mbarúil go mbíonn

ar na meáin an fhaisnéis a tharraingt as eagraíocht atá drogallach.

(c) Costais Reatha na dTithe

Ba chóir na costais agus na liúntais go léir a íoctar le Comhaltaí den Oireachtas ar bhonn míosúil a thaispeáint ar shuíomh gréasáin an Oireachtais: www.oireachtas.ie. Foilseofar an fhaisnéis i gcomhthéacs a mhíneoidh an cuspóir agus an luach ar airgead a bhaineann leis an gcaiteachas sin.

(d) Saoráil Faisnéise

Beidh beartas nua ann maidir leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil faoi Shaoráil Faisnéise a fhoilsiú ar shuíomh idirlín an Oireachtais www.oireachtas.ie, rud a bheidh ag teacht le bunchuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Cuirfear gach a scaoilfear faoi Shaoráil Faisnéise ar fáil mar chomhad ar líne d'fhaisnéis a mheastar a bheith ar leas an phobail. Ina theannta sin, taispeánfaidh sé sin breis oscailteachta. Cuirfidh sé deireadh le hathiarratais Saorála Faisnéise a chuireann ualach mór oibre ar an bhfoireann agus costas ar an Státchiste. Foilseofar an fhaisnéis seo ar an suíomh idirlín tar éis deis a bheith ag an iarratasóir an fhaisnéis a úsáid.

“Soláthrófar
an fhaisnéis go
comhthéacsúil agus
míneofar i dteanga
shimplí í.”

CAIBIDIL 4: FOR-ROCHTAIN, ROCHTAIN AGUS ÓCÁIDÍ POIBLÍ

a) For-rochtain

Ba chóir go mbeadh buneolas ar fáil do gach saoránach ar an gcaoi a fheidhmíonn an pharlaimint Náisiúnta. Is féidir tuairim eolach a fháil ó na meáin ach, gan eolas maith ar an gcaoi a fheidhmíonn ár ndaonlathas parlaiminteach, ní féidir leis an bpobal cruinneas nó bailíocht na teachtaireachta a thugann na meáin a mheas.

Mar chuid de straitéis chumarsáide Thithe an Oireachtais 2007-2009, chríochnaigh 15,000 mac léinn iarbhuioideachais ceardlann seomra ranga lenar tugadh faoi ról Thithe an Oireachtais a mhíniú. Bunaíodh an cheardlann ar thaithí parlaimintí eile, agus ar an ngá atá ann dul i gcion ar dhaoine óga a bhíonn ag glacadh páirte sa chlár OSSP sa Sraith Shóisearach. Seachnaíodh an míbhuntáiste ó thaobh taistil fhada de tríd an Oireachtas a thógáil amach as Teach Laighean agus isteach sa seomra ranga.

Ní mór don chlár for-rochtana nua leanúint leis an leibhéal seo rochtana agus ag an am céanna freastal ar phobal níos leithne. Moltar dhá leagan de chlár nua a chur ar fáil chun freastal a dhéanamh ar dhá spriocghrúpa:

- For-rochtain Scoile: Freastal ar dháltaí OSSP agus Idirbhliana;
- For-rochtain Phobail: Freastal ar gach eagraíocht shibhialta agus phobail.

Cuirfear Clár Thithe an Oireachtais ar fáil ar an láthair i dTeach Laighean agus timpeall na tíre.

For-rochtain Scoile

Déanfar freastal ar an gclár OSSP (Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitíochta) agus ar an Idirbhliain. Leanfar leis an gclár mar atá sé faoi láthair – ceardlann leathlae sa scoil. Tabharfar isteach réamhthionscadal a bheidh le déanamh sula dtabharfaidh an clár cuairt ar an scoil. Ar an dóigh sin, feicfear leibhéal na suime agus na tuisceana sa seomra ranga, agus cinnteofar gur ar bhonn éilimh a sholáthrófar an clár.

For-Rochtain leis an bPobal

Beidh ceardlann dhá uair an chloig ar fáil do raon leathan grúpaí pobail agus cathartha. Beidh formáid idirghníomhach i gceist agus bunófar ar rólghlacadh agus díospóireacht í. Is é an cuspóir a bheidh ann ná míniú a thabhairt ar an tslí a oibríonn Tithe an Oireachtais agus cuirtear an méid sin i gcomhthéacs thaithí an ghrúpa rannpháirtigh sa phobal. Déanfar teagmháil le grúpaí óige, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, eagraíochtaí dífhostaíochta agus grúpaí pobail ó gach déimeagrafach.

(b) Rochtain an Phobail

Ba chóir go mbunófaí cur chuige nua maidir le heispéireas cuairteoirí ar Theach Laighean ar chur chuige nua-aimseartha atá dírithe ar an gcustaiméir. Faoi láthair, tugann Comhaltaí Thithe an Oireachtais cuireadh do dhaoine sna toghlaigh agus do dhaoine eile cuairt a thabhairt ar Theach Laighean. Cuirtear turas ar fáil a insíonn scéal ailtireachta agus scéal stairiúil an fhoirgnimh.

Mar chuid dár gcéad straitéis chumarsáide, cuireadh bróisiúir nua do chuairteoirí leis an gclár do chuairteoirí freisin – bróisiúir a dearadh go sonrach dár spriocghrúpaí (mar shampla: leanaí, cuairteanna ó scoileanna agus daoine fásta).

Tagann an chuid is mó de na cuairteoirí chuig Teach Laighean tar éis dóibh cuireadh a fháil ó Chomhaltaí an Oireachtais. Leanfar den nós seo ach tá sé beartaithe go gcuirfear fáilte roimh chuairteoirí a thagann isteach gan choinne ná cuireadh. Ní chuirfear rochtain den chineál sin ar fáil ach ar laethanta nach mbeidh na Tithe ina suí agus beidh sé teoranta don acmhainn turais a bheidh ar fáil an lá sin. Ar chúiseanna slándála, beidh sé d'oibleagáid ar chuairteoirí a shiúlann isteach doiciméad aitheantais cuí a thaispeáint.

Tá sé beartaithe freisin go mbeidh cuairteoirí in ann áirithint dhíreach a dhéanamh lena bhféadfaidh daoine den phobal nó grúpaí glaoch a chur nó áirithint ar-líne a dhéanamh. Sa chás seo, cuirfear Comhaltaí ar an eolas faoi na cuairteanna sin trí bhunachar sonraí láraithe.

FOR-ROCHTAIN, ROCHTAIN AGUS ÓCÁIDÍ POIBLÍ

(c) Turais Nua

- **Turas Staire** ina leagfar amach ról parlaiminteach Theach Laighean ina chomhthéacs iomlán. Deartar an turas seo chun freastal a dhéanamh ar lucht éisteachta leathan, ach daoine fásta den chuid is mó. Tabharfar cuntas ar stair pharlaiminteach an fhoirgnimh mar aon le cuntas ar imeachtaí lena dtugtar léargas ar an traidisiún sin. Beidh óráid ghearr stairiúil ar fáil mar rogha bhreise, faoi réir acmhainne. Spriocais: 25 bliana agus os a chionn sin.
- **Cuairt Rólghlactha** a fhreastalóidh ar aosáigh óga agus mic léinn tríú leibhéal trí thuras gearr a dhéanamh ar Theach Laighean mar chuid den chuairt – turas lena ndíreofar ar a fheidhmeanna agus ar ról polaitíochta na gComhaltaí agus na sealbhóirí oifige, agus a mbeidh díospóireacht 45 nóiméad ar siúl ina dhiaidh. Spriocais: 18–25 bliana.
- **Turas don Aos Óg** a fhreastalóidh ar dhéagóirí níos sine atá beagnach ag an aois vótála. Díreofar ar eispéreas turais a mheascadh leis an gcóras parlaiminteach agus ról na gcomhaltaí. Beidh rólghlacadh ina ghné lárnach den turas seo agus glacfaidh gach cuairteoir ról comhaltaí de pharlaimint náisiúnta le linn na cuairte. Spriocais: 15–19 mbliana.
- **Turas ‘OSSP’** a fhreastalóidh ar an gclár OSSP a bhíonn á mhúineadh sna hiarbhunscoileanna. Is cuid thábhachtach den chúrsa é an Tionscadal Gníomhaíochta OSSP. Ba chóir an turas OSSP seo a dhearadh mar rogha don Tionscadal Gníomhaíochta OSSP. Spriocais: 13–15 bliana.

(d) Spás Eispéiris do Chuireoirí

Is tosaíocht don phlean cumarsáide é Spás Eispéiris tiomnaithe do Chuireoirí a sholáthar a lonnófar laistigh de mhórláthair pharlaiminte Theach Laighean. Saineofar spás oiriúnach le staidéar féidearthachta chun áit a sholáthar do thaispeántas

nua-aimseartha idirghníomhach faoi stair, ról agus éachtaí an Oireachtais, a dhíreofar go háirithe ar chuairteoirí óga.

Ba chóir go ndéanfaí éascaíocht leis an spás freisin do dhálacha bréige agus dáil na n-óg, léachtaí, seisiúin cheisteanna agus freagraí le Comhaltaí den Oireachtas agus oifigigh oideachais agus go gcuirfí saoráidí ardchaighdeání closamhairc agus idirghníomhacha ar fáil freisin.

(e) Imeachtaí Poiblí

Is léir go mbíonn imeachtaí poiblí an-éifeachtach chun aird an phobail agus na meán a mhealladh. Mar shampla, sna blianta 2008 agus 2009, chabhraigh Laethanta Teaghlaigh Thithe an Oireachtais chun íomhá dhearfach a chruthú de Theach Laighean.

Baineann priacal níos mó ó thaobh caidrimh phoiblí agus airgeadais de, áfach, le himeachtaí i gcomparáid leis an gcuid is mó de na cineálacha cumarsáide eile dá bhfuil ann. B’uailmhianach an gníomh é, go háirithe i gcúinsí geilleagair an lae inniu, tacaíocht an phobail agus na meán a fháil d’imeacht nua náisiúnta a mbeadh Tithe an Oireachtais mar ghné chroílárnach de.

Beidh orainn clár nua imeachtaí poiblí a úsáid chun cabhrú muinín níos fearr a chothú as ár bparlaimint náisiúnta. Tá sé beartaithe go bhforbrófar clár imeachtaí poiblí le linn na míonna amach romhainn lena mbainfear an aidhm sin amach laistigh de na srianta airgeadais atá i bhfeidhm faoi láthair. Ba chóir go soláthrófaí fóram uathúil do Chomhaltaí agus don phobal chun gníomhú a dhéanamh i dteannta a chéile. Is éard a bheidh i gceist leis an gcuspóir sin ná imeachtaí faisnéiseacha spreagúla a chuirfear ar fáil ar ardchaighdeán ach go han-éifeachtúil.

CAIBIDIL 5: AN TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID LE HAGHAIDH CUMARSÁIDE

Tá sé rithábhachtach go mbainfeadh an leas is fearr agus is féidir as an idirlíon agus as na meáin shóisialta ionas gur féidir teagmháil chearta a dhéanamh leis an bpobal, go háirithe le daoine óga.

Rinneadh athchóiriú eastramhach le déanaí ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais, www.oireachtas.ie, a leagtar béim ann ar rochtain agus faisnéis don phobal. Éileofar, mar chuid de na bearta eile atá le glacadh, beartas nua comhtháite i leith na meán don eagraíocht lena léireofar an tábhacht a bhaineann leis an ngréasán agus uailmhian shoiléir chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as.

Dar le han-chuid daoine, is iad na meáin nua na modhanna is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun cumarsáid a dhéanamh. Tá sé beartaithe leis an bplean cumarsáide seo tosaíocht a thabhairt do mheáin nua – an t-idirlíon, léibhinn ar-líne agus léibhinn leictreonacha eile, gréasáin mheán sóisialta, srl. Socrófar go ndéanfar éascaíocht do Thithe an Oireachtais chun go mbeidh siad in ann lántairbhe a bhaint as na meáin nua, de réir mar a thiocfaidh na meáin nua sin chun tosaigh ar na meáin eile. Tá dlús nach beag leis an bpróiseas seo.

Tá roinnt treochtaí tábhachtacha soiléir–

- Tá méadú leanúnach ag teacht ar na síntiúis leathanbhanda agus sroicheadh breis is 1.3 milliún sa bhliain 2009.
- Sroichfidh níos mó den ghluín ar-líne an aois vótála, rud a chiallaíonn go mbeidh níos mó úsáidí Idirlín i measc an daonra vótálaithe in aghaidh na bliana.
- Is cuid thábhachtach de na meáin nua iad na meáin shóisialta, agus suímh gréasánaithe sóisialta nó meáin phearsanta (“mise-mheáin”) á n-úsáid ag 23% de na daoine fásta in Éirinn agus os cionn dhá mhilliún cuntas cláraithe idir Bebo agus Facebook.

- Tá fás leanúnach ag teacht ar úsáid an Idirlín ar an nguthán póca, agus tá sé faighte amach gur úsáid breis is 21% de na húsáidí gutháin póca an tIdirlín ar an nguthán sa bhliain 2009.
- Roinntear luchtanna éisteachta móra na meán traidisiúnta (nuachtáin agus craoltóirí) ina mionluchtanna éisteachta leis na cainéil dhifriúla go léir atá ar fáil anois.
- Soláthraíonn meáin nua cainéil, atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá intomhaiste go mór, chun teagmháil a dhéanamh le luchtanna éisteachta a bhfuil sé an-deacair teagmháil a dhéanamh leo ar mhodhanna eile (mar shampla: daoine óga a chaitheann a n-am saor ar-líne agus nach léann nuachtáin ná nach n-úsáideann modhanna craolacháin seanbhunaithe).

Straitéis Nua i leith na Meán

Ar mhaithe leis na treochtaí seo a úsáid ar an tslí is fearr agus is féidir agus cur leis an obair atá déanta ar na meáin nua go dtí seo, cuirfidh an Oifig sraith gnéithe meán nua agus ar-líne san áireamh mar chuid dá straitéis chumarsáide.

1. Cur le hábhar agus seirbhísí breise ar www.oireachtas.ie

De bharr gur cuireadh léibheann nua teicneolaíochta ar bun i rith 2009, tá sé d’acmhainn ag suíomh gréasáin an Oireachtais a bheith ina phríomhghné den mhodh ar a ndéanfaidh an Oifig cumarsáid leis an bpobal, le Comhaltaí den Oireachtas, leis na meáin, leis an lucht éisteachta oideachais agus le leas-sealbhóirí eile.

2. Cainéal éisteachta a thosú ar mheáin shóisialta

Déanfaidh baill foirne cumarsáide den Oireachtas faireachán ar mheáin shóisialta, ar phlé-fhóiraim

AN TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID LE HAGHAIDH CUMARSÁIDE

agus ar shuímh ghréasáin iomchuí. Tabharfaidh sé sin an deis dóibh dul i dtaithí ar na cainéil sin agus ar an tslí ar a léiríonn siad na treochoitaí coitianta.

3. Tús a chur le rannpháirtíocht níos mó sna meáin shóisialta

Faoi réir treoirlínte soiléire agus oiliúna, is féidir le baill foirne na hOifige cur leis na meáin shóisialta ar bhealach gníomhach. Déantar nuacht an Oireachtais a chur ar aghaidh cheana féin ó www.oireachtas.ie chun go léireofar ar Twitter agus Facebook é. Is éard a bheidh i gceist sa chéad chéim eile ná níos mó ábhair a shaindálleadh ar shuímh mheán sóisialta eile agus ceangal a dhéanamh le roinnt pléítí ar shuímh eile nuair is cuí.

4. Meáin nua a úsáid chun cur le gníomhaíocht meán eile

Bíonn meáin nua á n-úsáid ag eagraíochtaí diaidh ar ndiaidh chun cur le gníomhaíocht eile agus, i roinnt cásanna, úsáidtear iad in ionad na gníomhaíochta sin. Mar shampla, is féidir físeán an Oireachtais a cruthaíodh ar an gcéad dul síos i gcomhair poiblíochta ar na meáin a athphacáistiú i gclár ghearra a léireoidh ábhair níos imeachta – an dul chun cinn a dhéanann Bille tríd an Oireachtas, mar shampla.

5. Raon chumarsáid shoghluaiste an Oireachtais a leathnú

Tá leagan maith soghluaiste dá shuíomh gréasáin athfhorbartha ag an Oireachtas cheana féin. Cuirfead leis sin trí fheidhmchláir (ríomhchláir bheaga shainiúla) a choimisiúnú le haghaidh na ngaireas soghluaiste is coitianta. Is féidir leo seo aon ní a fheidhmiú – fothaí nuachta beo, sceidil “Inniu san Oireachtas” agus bunachair shonraí Comhaltaí, mar shamplaí.

6. Teilifís Líonra

Leanfar de thosaíocht a thabhairt do chraoladh imeachtaí uile Thithe an Oireachtais ar an Líonra domhanda. Ní rogha eile é sin ar chainéal teilifíse parlaiminte ná cumhdach craoltóir náisiúnta ar ár bparlaimint náisiúnta. Cuireann sé deis ar fáil don Oireachtas, áfach, chun cur lenár lucht féachana ar ár gcuid imeachtaí beo.

“Bíonn meáin nua á n-úsáid ag eagraíochtaí diaidh ar ndiaidh chun cur le gníomhaíocht eile agus, i roinnt cásanna, úsáidtear iad in ionad na gníomhaíochta sin.”

“Gnéithe lárnacha de straitéis 2010-2012 is ea meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an phlean nua cumarsáide agus luach ar airgead a chruthú.”

Gnéithe lárnacha de straitéis 2010-2012 is ea meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an phlean nua cumarsáide agus luach ar airgead a chruthú. Beidh tionscadal gearr taighde mar bhonn taca leis an bPlean Cumarsáide agus déanfar gach gníomh a bheartófar a thomhas in aghaidh thuairimí phobal na hÉireann agus an méid a mbeidh siad ag súil leis.

Ar na réimsí is gá a thástáil, áirítear–

- An cineál eolais atá ag an bpobal agus atá ag teastáil ón bpobal maidir le Tithe an Oireachtais, má táimid chun an sprioc atá againn ó thaobh muintín níos airde a chothú i measc an phobail a bhaint amach?
- Cad iad na cineálacha teagmhála a chothóidh meas, muintín agus iontaoibh sa pharlaimint náisiúnta?
- Cad iad na bealaí, go sonrach, ar ar chóir go mbeadh an tOireachtas agus na daoine a oibríonn ann (Comhaltaí agus baill foirne araon) níos oscailte agus níos inrochtana?
- Na teachtaireachtaí is cóir a chur in iúl don phobal agus conas is mian leis an bpobal go dtabharfaí éisteacht dóibh?

Tá sé rithábhachtach go mbunófar príomhtháscairí feidhmíochta don am atá romhainn agus go ndéanfar iad a chomhtháthú go cuí mar chuid de chur i ngníomh an Phlean Chumarsáide. Socrófar tagairtmharc leis an tionscadal taighde freisin chun a thuilleadh rianú a dhéanamh ar na dearcaí agus na braistintí atá ann i leith Thithe an Oireachtais – dearcaí agus braistintí a bhíonn ag síorathrú – de réir mar a dhéantar an clár cumarsáide a chur i bhfeidhm ar aghaidh go dtí 2012.